



An Bhruiséil, 30 Eanáir 2026  
(OR. fr)

5724/26

MAMA 20  
MA 2  
MED 8

## NÓTA

---

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	An Seasamh ón Aontas Eorpach le haghaidh an 15ú cruinniú den Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Maracó (an Bhruiséil, an 29 Eanáir 2026)

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an seasamh ón Aontas Eorpach le haghaidh an 15ú Comhairle Comhlachais idir an tAontas agus Maracó.

**AN 15ú CRUINIÚ DEN CHOMHAIRLE COMHLACHAIS IDIR**

**AN tAONTAS EORPACH AGUS MARACÓ**

**(AN BHRUISÉIL, AN 29 Eanáir 2026)**

**Dearbhú ón Aontas Eorpach**

1. Is díol sásaimh don Aontas Eorpach (dá ngairtear ‘an tAontas’ anseo feasta) gur tionóladh an 15ú cruinniú den Chomhairle Comhlachais, ag comóradh 30 bliain ó síníodh an comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó (dá ngairtear ‘Maracó’ anseo feasta). Is deis é an cruinniú seo chun athdhearbhú a dhéanamh ar an mian chomhpháirteach an chomhpháirtíocht a athsheoladh agus a dhoimhniú ar bhealach níos uailmhianaí, ar bhonn an Chomhaontaithe Comhlachais.
2. Is comhpháirtí lárnach straitéiseach de chuid an Aontais í Maracó i gComharsanacht an Deiscirt, lena bhfuil caidreamh saibhir, ilghnéitheach agus pribhléideach ag an Aontas. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2024, athdhearbhaíonn an tAontas gur mór aige a chomhpháirtíocht straitéiseach le Maracó agus gur gá an dlúthchaidreamh le Maracó a chaomhnú agus a neartú a thuilleadh i ngach réimse den chomhpháirtíocht. I ndáil leis an méid sin, tá sé d’aidhm ag an Aontas an comhar sin a neartú trí na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta, nó téacs coibhéseach, a ghlacadh mar dhoiciméad réime le haghaidh na comhpháirtíochta idir an tAontas agus Maracó. Is mian leis an Aontas freisin dlús a chur le hidirphlé rialta struchtúrtha le Maracó, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna réigiúnacha agus idirnáisiúnta, agus leas iomlán á bhaint as comhlachtaí comhpháirtíochta mar shampla an Chomhairle Comhlachais, an Coiste Comhlachais agus na fochoistí.
3. Tugann an tAontas dá aire gur creat ríthábhachtach í an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus Maracó chun aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar dhúshlán dhomhanda. Sa chomhthéacs sin, tá sé bunriachtanach i gcónaí go n-athdhearbhóidh an tAontas agus Maracó a dtiomantas comhroinnte d’ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, d’iltaobhachas éifeachtach, do ról na Náisiún Aontaithe agus do Chairt na Náisiún Aontaithe, agus do lánurraim don dlí idirnáisiúnta, agus, ag an am céanna, a gcomhar á dhoimhniú i bhfóraim idirnáisiúnta agus réigiúnacha, go háirithe sa limistéar Eora-Mheánmhara, agus lena gcomhpháirtithe Afracacha.
4. Maidir leis an staid sa Mheánoirthear, tagraíonn an tAontas do na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2025, agus is díol sásaimh dó glacadh Rún 2803 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le bunú an Bhoird Siochána agus bunú Fórsa Cobhsaíochta Idirnáisiúnta shealadaigh, mar a leagtar amach sa Phlean Cuimsitheach chun Deireadh a chur le Coinbhleacht Gaza. Iarrann an tAontas ar na páirtithe uile an Rún a chur chun feidhme ina iomláine, agus i gcomhréir leis na prionsabail ábhartha idirnáisiúnta pholaitiúla agus dhlíthiúla. Meabhraítear don Aontas gur gá an staid slándála in Gaza a chobhsú, lena n-áirítear trína áirithiú go ndéanfar na hairm atá ag Hamas agus ag grúpaí armtha neamhstáit eile a dhíchoimisiúnu go cinntitheach. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt

d'Údarás na Palaistíne agus dá chlár oibre athchóirithe leanúnach, go háirithe trí Ghrúpa Deontóirí na Palaistíne, i bhfianaise a fhillte ar Gaza freisin. Meabhraítear don Aontas Dearbhú Nua-Eabhrac agus athdhearbhaíonn sé tiomantas láidir an Aontais don dlí idirnáisiúnta agus do shíocháin chuimsitheach chóir mharthanach atá bunaithe ar réiteach an dá stát, i gcomhréir leis na Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, faoina mairfeadh dhá stát dhaonlathacha, Iosrael agus an Phalaistín, taobh le taobh, faoi shíocháin, laistigh de theorainneacha slána aitheanta. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil a dtuairimí ag teacht le tuairimí Mharacó, go háirithe maidir le tacaíocht don réiteach dhá stát, agus is díol sásaimh dó gur eagraigh Maracó an cúigiú cruinniú den Chomhaontas Domhanda chun an réiteach dhá stát a chur chun feidhme, a tionóladh in Rabat i mí na Bealtaine 2025, i gcomhpháirtíocht leis an Ísiltír. Cáineann an tAontas Eorpach go géar an méadú ollmhór atá tagtha ar an bhforéigean arna dhéanamh ag lonnaitheoirí ar shibhialtaigh na Palaistíne, lena n-áirítear an foréigean i gcoinne na bpobal Críostaí, agus na beartais agus na bagairtí a bhaineann le heasáitiú éigeantais agus ionghabháil ar an mBruach Thiar, Iarúsailéim Thoir san áireamh. Cáineann an tAontas go láidir freisin na hionsaithe sceimhlitheoireachta leanúnacha ar Iosrael. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé go ndéanfaí cabhair dhaonnúil a sheachadadh go tapa, go sábháilte agus gan bhac go Gaza, agus go ndéanfaí an chabhair sin a dháileadh go marthanach ar mórscála ar fud Gaza, lena n-áirítear trí Chonair Mhuirí na Cípire mar bhreis ar na bealaí talún, i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus leagann sí béim freisin ar a riachtanaí atá sé go mbeadh na Náisiúin Aontaithe agus gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, agus na heagraíochtaí daonnúla, in ann oibriú go neamhspleách agus go neamhchlaonta.

5. Nach mór 4 bliana tar éis don Rúis tús a chur lena cogadh foghach iomlán neamhdhleathach gan chúis gan údar ar an Úcráin, atá ina shárú tromchúiseach ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear rialacha agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe, a bhaineann an bonn ón tslándáil agus ón gcoibhsaíocht dhomhanda agus a chuireann fulaingt as cuimse ar mhuintir na hÚcráine, athdhearbhaíonn an tAontas a thacaíocht leanúnach bhuanseasmhach do neamhspleáchas, do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta. Iarrann an tAontas ar Mharacó tacú leis an Úcráin chun síocháin chuimsitheach chóir mharthanach a bhaint amach san Úcráin, bunaithe ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta.
6. Tá an tAontas tiomanta an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus Maracó a bheith ina gné den chobhsaíocht réigiúnach agus den rathúnas réigiúnach don dá chomhpháirtí. Leagann an tAontas béim ar chumas an chomhair réigiúnaigh fás agus rathúnas a chothú sa Mhagraib, i gcomhréir le cuspóirí an Chomhshocraithe don Mheánmhuir. I ndáil leis an méid sin, measann an tAontas go mbeadh réiteach díospóidí agus teannais i réigiún na Magraibe ina thoisic chinntitheach chun an fuinneamh sin a neartú agus chun timpeallacht a chruthú a chabhródh le comhpháirtíochtaí a fhorbairt.
7. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do dhíospóid an tSahára Thiar a réiteach agus is díol sásaimh dó gur glacadh Rún 2797 (2025) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena dtacaítear go hiomlán le hiarrachtaí an Ard-Rúnaí agus a Thoscaire Pearsanta an chaibidlíocht a éascú agus a dhéanamh ar bhonn an phlean neamhspleáchais atá beartaithe ag Maracó chun réiteach cóir, marthanach agus inghlactha go frithpháirteach a bhaint amach ar an díospóid, i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe, agus cuirfidh sé fáilte roimh aon mholtaí

cuiditheacha a d'fhéadfadh na páirtithe a dhéanamh mar fhreagairt ar an bplean neamhspleáchais, agus lena n-iarrtar ar na páirtithe páirt a ghlacadh sa phlé gan réamhchoinníollacha agus ar bhonn an phlean neamhspleáchais atá molta ag Maracó chun teacht ar réiteach polaitiúil críochnaitheach a bheidh inghlactha go frithpháirteach lena n-áiríteofar féinchinntiúchán mhuintir an tSahára Thiar, measann sé go bhféadfadh fíor-uathriail a bheith ar cheann de na réitigh is indéanta agus molann sé do na páirtithe a gcuid smaointe a roinnt chun tacú le réiteach cinntitheach a bheidh inghlactha go frithpháirteach. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Aontas go bhfuil Maracó toilteanach dul i mbun plé de mheon macánta leis na páirtithe uile lena mbaineann chun na socrúithe don phlean neamhspleáchais sin a shoiléiriú agus chun míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcaillfí neamhspleáchas faoi cheannasacht Mharacó. Tá an tAontas réidh chun cabhrú le comhairliúcháin idir na páirtithe a éascú faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe agus chun tacú le hiarrachtaí Thoscaire Pearsanta an Ard-Rúnaí.

8. Is díol sásaimh don Aontas gur formheasadh, an 20 Samhain 2025, cur chuige nua an Aontais i leith na Saiheile, lena ndearbhaítear nach rogha é an díscor, lena moltar cur chuige solúbtha atá saincheaptha do gach tír, lena gcuirtear le fíis fhadtéarmach atá bunaithe ar leasanna frithpháirteacha arna sainaithe trí anailís agus idirphlé, agus arb é is aidhm dó úsáid sholúbtha a bhaint as bosca uirlisí an Aontais atá fréamhaithe i réaltachtaí áitiúla. Sa chomhthéacs sin, tá an tAontas oscailte sineirgí a fhiosrú agus a fhorbairt lena chomhpháirtithe sa réigiún, amhail Maracó a rannchuidíonn le cur chun feidhme an chur chuige nua sin sa tSaiheil.
9. Is díol sásaimh don Aontas an Comhshocrú don Mheánmhuir a seoladh in Barcelona an 28 Samhain 2025, lena léirítear an uailmhian straitéiseach an caidreamh idir an tAontas agus a chomhpháirtithe sa Deisceart a athshainiú. Trí thacú le limistéar coiteann na Meánmhara, is é is aidhm don Chomhshocrú deiseanna nua a chruthú le haghaidh comhar idir comhpháirtithe na Meánmhara, aghaidh a thabhairt ar dhúshlán choiteanna agus bogadh le chéile i dtreo comhpháirtíocht atá bunaithe ar mhuintir fhrithpháirteach agus ar urraim fhrithpháirteach, ar fhreagracht chomhroinnte agus ar fhorbairt chomhchoiteann. Is mian leis an Aontas an comhar le Maracó a dhoimhniú, de mheon na comhpháirtíochta atá bunaithe ar mhuintir fhrithpháirteach agus ar fhreagracht chomhroinnte, trí bhithin tionscnaimh nithiúla agus gníomhaíochtaí tosaíochta i réimsí leasa fhrithpháirtigh ionas gur féidir torthaí a bhaint amach do dhaoine de gach aois, do ghnólachtaí agus d'fhiontraithe.
10. Is mór ag an Aontas ról cuiditheach Mharacó sna tionscnaimh um chomhar réigiúnach, lena n-áirítear maidir le hardáin réigiúnacha ina bhfuil an dá pháirtí ina rannpháirtithe gníomhacha, cuir i gcás an tAontas don Réigiún Meánmhuirí agus Fondúireacht Anna Lindh.
11. Tá Maracó fós ar cheann de na príomh-chomhpháirtithe agus ar cheann de na faighteoirí is mó de chistiú ón Aontas i réigiún na hAfraice Thuaidh-Mheánoirthear. Cumhdaíonn comhar an Aontais le Maracó réimsí éagsúla a chuidíonn le forbairt shocheacnamaíoch chuimsitheach inbhuanaithe, chomh maith le timpeallacht ghnó atá fabhrach don infheistíocht, aistriúcháin córa glasa agus digiteacha agus tacaíocht d'fhorbairt caipitil dhaonna.

## *Daonlathas, dea-rialachas agus cearta an duine*

12. Cuireann an tAontas i dtreis a lárnaí atá bunphrionsabail agus treoirphrionsabail na comhpháirtíochta idir an tAontas agus Maracó agus athdhearbhaíonn sé go bhfuil sé toilteanach an t-idirphlé agus an comhar a neartú sna réimsí sin: daonlathas, an smacht reachta, dea-rialachas, ceartas, cuntasacht agus trédhearcacht institiúidí, chomh maith le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear saoirse comhthionóil, saoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear an preas, saoirse comhlachais, cearta na mban, leanaí agus daoine LGBTI, comhionannas inscne agus comhrac na fuathchainte, na héadulaingthe, an stiogmataithe agus an idirdhealaithe uile. Leagann an tAontas béim freisin ar a thábhachtaí atá sé sonraí pearsanta a chosaint agus an ceart chun príobháideachais.
13. Athdhearbhaíonn an tAontas go gcreideann sé go láidir gur breisluach bunriachtanach do Mharacó agus dá dhaonra iomlán iad cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an tsaoirse comhthionóil agus an tsaoirse comhlachais, chomh maith le spás sibhialta oscailte a chaomhnú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, do chosantóirí chearta an duine, d'iriseoirí agus do gach gníomhaí sa saol poiblí. Is mian leis an Aontas aghaidh a thabhairt ar an iliomad gnéithe den chomhpháirtíocht sin trí chaidreamh níos láidre le húdaráis Mharacó, ach freisin trí idirphlé leanúnach le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, go háirithe an earnáil dheonach, agus leis na comhpháirtithe sóisialta. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do Mharacó athchóirithe a chur chun feidhme sna réimsí sin, lena n-áirítear athchóirithe a chuireann cearta na mban chun cinn.
14. I ndáil leis an méid sin, measann an tAontas go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le hidirphlé rialta domhain a choinneáil ar bun maidir le cearta an duine, go háirithe faoi chuimsiú an fhochoiste inniúil, ar fóram bunriachtanach é chun comhar a mhalartú, faireachán a dhéanamh air agus é a neartú.
15. Athdhearbhaíonn an tAontas go gcuireann sé go láidir agus go haonchiallach i gcoinne phionós an bháis i ngach cúinse agus i ngach cás. Is díol sásaimh don Aontas cinneadh Mharacó vótáil, den chéad uair, i bhfabhar an rúin ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir leis an moratóir i ndáil le húsáid phionós an bháis i mí na Nollag 2024 agus i bhfabhar an rúin ón 60ú seisiún den Chomhairle um Chearta an Duine maidir le saincheist phionós an bháis i mí Dheireadh Fómhair 2025. Is díol sásaimh don Aontas seasamh Mharacó, atá comhsheasmhach leis an urraim atá aige do mhoratóir *de facto* ar bhásuithe ó 1993 i leith agus molann sé dó bogadh i dtreo díothú tríd an moratóir sin a chur ar bhonn foirmiúil agus trí na cionta atá inphionóis leis a laghdú.
16. Is díol sásaimh don Aontas ról gníomhach Mharacó i gComhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine i gcomhthéacs a thríú babhta rannpháirtíochta in obair na Comhairle um Chearta an Duine mar chomhalta den Chomhairle don tréimhse 2023-2025. In 2024, bhí uachtaránacht na Comhairle um Chearta an Duine ag Buanionadaí Ríocht Mharacó chuig na Náisiúin Aontaithe sa Ghinéiv, rud a léiríonn tiomantas Mharacó don idirphlé iltaobhach agus

do chearta an duine a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta. Molann an tAontas do Mharacó leanúint den ghealltanas sin trí leanúint dá iarrachtaí náisiúnta cearta an duine a chur chun cinn.

### *Forbairt shocheacnamaíoch chuimsitheach inbhuanaithe*

17. Leis an gComhaontú Comhlachais<sup>1</sup>, in éineacht le hathchóirithe uaillmhianacha Mharacó ar an timpeallacht ghnó, bhíothas in ann borradh a chur faoin trádáil idir na páirtithe go tapa agus cuireadh ar chumas Mharacó comhtháthú eacnamaíoch a bhaint amach agus a onnmhairí chuig an Aontas a éagsúlú. Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé leanúint den chaidreamh trádála agus infheistíochta a neartú agus den trádáil oscailte idir an dá pháirtí a choinneáil ar bun, chomh maith leis an gcreat iltaobhach trádála a urramú agus tacú leis, go háirithe laistigh den Eagraíocht Dhomhanda Trádála.
18. Athdhearbhaíonn an tAontas go gcreideann sé nach mór tuilleadh tacaíochta a thabhairt don ghné eacnamaíoch agus trádála den chaidreamh le Maracó agus í a neartú, i gcomhréir le cur chuige a théann chun tairbhe don dá thaobh agus atá comhsheasmhach le tosaíochtaí an dá pháirtí faoi seach. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá idirphlé rialta domhain a choinneáil ar bun maidir le saincheisteanna eacnamaíocha, trádála agus infheistíochta, go háirithe laistigh den chreat institiúideach a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais, chun so-athraitheacht na trádála in earraí agus i seirbhísí a chur chun cinn agus chun na deacrachtaí a shainaitheint a luaithe is féidir, ar deacrachtaí iad a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don trádáil dhéthaobhach agus déileáil leo ar bhealach pragmatach.
19. Chun rathúnas comhroinnte a chur chun cinn, is mian leis an Aontas a athdhearbhú go bhfuil sé toilteanach páirt a ghlacadh i bplé domhain maidir le nuachóiriú níos leithne ar ár gcaidreamh trádála mar chuid d'fhorbairt na comhpháirtíochta straitéisí le Maracó. D'fhéadfaí an nuachóiriú sin a bhaint amach ar bhealach solúbtha spriocdhírthe, i gcomhréir le cur chuige a théann chun tairbhe don dá thaobh, lena n-áirítear trí bhearta um éascú infheistíochta straitéisí. Tá an tAontas oscailte freisin do thograí ó Mharacó maidir le gnéithe den nuachóiriú a d'fhéadfaí a fhiosrú le chéile. Tarlaíonn an dinimic sin freisin i gcomhthéacs Chorn Domhanda 2030 a bheith á chomheagrú ag Maracó, ag an Spáinn agus ag an bPortaingéil.
20. Ag an am céanna, cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur spéis leis comhoibriú le Maracó i bpríomhearnálacha leasa fhrithpháirtigh a bhfuil acmhainneacht infheistíochta agus trádála acu, chun rannchuidiú le comhtháthú eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe Mharacó. Sa chomhthéacs sin, agus ag tarraingt ar a shaineolas, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil rún daingean aige tacú le hiarrachtaí Mharacó bonneagar straitéiseach a rolladh amach, go háirithe i réimsí an iompair, an aistrithe fuinnimh agus an bhainistithe inbhuanaithe uisce, i gcomhpháirtíocht le hearnáil phríobháideach na hEorpa agus faoi chuimsiú

---

<sup>1</sup> An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile

Chiste Infheistíochta Mohammed VI. Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn atá déanta ag Maracó maidir leis an timpeallacht ghnó agus infheistíochta a fheabhsú agus molann sé do Mharacó leanúint den dinimic dhearfach sin, go háirithe trí nósanna imeachta trédhearcacha agus tríd an riarachán a shimpliú.

21. Ó thaobh na socheacnamaíochta de, tá dúshlán shuntasacha fós ann, go sonrath i réimse na fostaíochta, agus go mór mór i gcás na mban agus na ndaoine óga, chomh maith leis na dúshlán a bhaineann le héagothromaíochtaí críochacha agus sóisialta a laghdú. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don chomhar idir an tAontas agus Maracó, mar thosaíocht, iomaíochas agus éagsúlú eacnamaíoch an dá chomhpháirtí a neartú, chun iad a dhéanamh níos cuimsithí, níos athléimní agus níos inbhuanaithe. Is díol sásaimh don Aontas cáilíocht na comhpháirtíochta maidir le cuimsiú na hóige, fostaíocht, fiontraíocht agus forbairt scileanna agus oiliúint, agus leanfaidh sé de bheith ag tacú leis na deiseanna a chuirtear ar fáil do dhaoine óga agus dá gcuimsiú socheacnamaíoch. Leanfaidh an tAontas cur chuige comhtháite maidir le hoideachas, gairmoiliúint, ardoideachas agus taighde agus nuálaíocht chun caipiteal daonna a fhorbairt a bheidh oiriúnach do mhargadh saothair Mharacó agus i gcomhréir le cuspóirí na Comhpháirtíochta Tallainne.
22. I réimse na cosanta sóisialta, choinnigh Maracó leis na hiarrachtaí suntasacha chun go mbeadh rochtain níos fearr ar sheirbhísí sóisialta, chun feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí sin agus chun sásraí cosanta a fhorbairt. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt d'athchóirithe sóisialta Mharacó atá dírithe ar chuimsiú sóisialta agus ar rochtain ar sheirbhísí sóisialta do gach uile dhuine, lena n-áirítear leanaí i staideanna leochaileacha agus atá ina gcónaí i limistéir mhídheisiúla.
23. Ag aithint dó gur príomhchinntitheach í sláinte an daonra ó thaobh na táirgiúlachta, an iomaíochais eacnamaíoch agus an fháis inbhuanaithe de, cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur luamhán lárnach í an infheistíocht sa tsláinte d'fhorbairt an chaipitil dhaonna agus don rathúnas fadtéarmach. I ndáil leis an méid sin, cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé go neartófaí córais sláinte a bheidh éifeachtach, athléimneach agus inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de, agus béim á leagan ar an gcumas galair theagmhálacha a chosc, a bhrath agus freagairt orthu, agus ar shláinte ardcháilíochta agus cúram sláinte príomhúil a chur chun cinn, chun ualach na ngalar inchoiscthe agus a dtionchar socheacnamaíoch a laghdú. Tacaíonn an tAontas leis na hiarrachtaí atá déanta ag Maracó rochtain uilíoch, chothrom agus inacmhainne a áirithiú ar sheirbhísí sláinte ar ardchaighdeán, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú leis an gcuimsiú sóisialta, leis an neamhionannais a laghdú agus le rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a fheabhsú.
24. Is díol sásaimh don Aontas an dea-chomhar custaim a bunaíodh le Maracó thar na blianta. Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil Maracó toilteanach an Coinbhinsiún Uile-Eora-Mheánmhara athbhreithnithe a dhaingniú go luath, mar chomhartha ar chomhtháthú níos doimhne na Ríochta sa réigiún Uile-Eora-Mheánmhara.
25. I réimse na talmhaíochta, tá an tAontas réidh leis an gcaidreamh déthaobhach a dhoimhniú agus le tús a chur an athuair leis an idirphlé maidir le saincheisteanna leasa choitinn. Trí chomhar níos fearr in earnáil na n-amhábhar, go háirithe leasacháin, chuirfí feabhas ar iontaofacht an tsoláthair,

chuirfí forbairt slabhraí luacha inbhuanaithe athléimneacha chun cinn, laghdófaí an spleáchas ar mhargaí domhanda, chothófaí talmhaíocht níos glaise san Aontas agus thacófaí le cuspóirí Mharacó i ndáil leis an aistriú glas agus onnmhairiú. Ina theannta sin, measann an tAontas gur féidir leis an gcomhar sin tacú leis an aistriú chuig táirgeadh talmhaíochta a bheidh níos inbhuanaithe agus níos glaise, i gcomhréir le cuspóirí i ndáil leis an aistriú glas agus le níos mó onnmhairí ón Aontas agus ó Mharacó araon.

26. Agus na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo á n-aithint aige, chomh maith lena riachtanaí atá sé deiseanna a chruthú a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh, tá an tAontas ar tinneall oibriú i gcomhar le Maracó chun bonneagair dhigiteacha shlána iontaofa a chur chun cinn, chun geilleagar na sonraí agus na hintleachta saorga (IS) a fhorbairt i Maracó, go háirithe trí ardbhonneagair sonraí agus ríomhaireachta a chur in úsáid agus trí mhóil IS agus nuálaíochta digítí a chruthú, agus chun tacú le cur in úsáid seirbhísí poiblí digiteacha agus réitigh bonneagair phoiblí dhigitigh a oibreoidh le córais Bhallstáit an Aontais, i gcomhréir leis an Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta don Aontas agus le Straitéis Dhigiteach Mharacó le haghaidh 2030.
27. Is díol sásaimh don Aontas cáilíocht an chomhair le Maracó i réimse an iompair. Is díol sásaimh don Aontas an t-idirphlé cuiditheach ag Comhchoiste AE-Maracó den Chomhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara a tionóladh an 12 Meán Fómhair 2025.

### *An chomhpháirtíocht ghlas agus comhrac an athraithe aeráide*

28. Is díol sásaimh don Aontas cur chun feidhme na Comhpháirtíochta Glaise le Maracó, a tugadh i gcrích in 2022, lena gcuimsítear comhar maidir le cúrsaí aeráide, comhshaoil agus fuinnimh agus lena gcuirtear an geilleagar glas agus gorm chun cinn. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí leanúint den chomhar sin agus é a dhoimhniú in éineacht le Maracó, go háirithe trí rannpháirtíocht rialta san idirphlé ar an leibhéal teicniúil agus polaitiúil iomchuí chun comhar maidir leis na saincheisteanna sin a éascú agus a neartú san fhadtéarma.
29. Cuireann an tAontas i dtreis freisin go mbraitheann mar a éireoidh leis an gComhpháirtíocht Ghlas ar rannpháirtíocht na hearnála príobháidí agus ar chreat rialála leormhaith, agus ar ghníomhaíocht na riarachán poiblí. Measann an tAontas gur comhpháirtí straitéiseach í Maracó san aistriú fuinnimh, go háirithe i réimse an fhuinnimh in-athnuaite. Sa chomhthéacs sin, beidh sé d'aidhm ag an Aontas timpeallacht infheistíochta chobhsaí, intuartha agus thrédhearcach a chur chun cinn le Maracó chun comhpháirtíochtaí tionsclaíocha agus teicneolaíocha idir cuideachtaí Eorpacha agus Mharacó a éascú, go háirithe in earnálacha na dteicneolaíochtaí ísealcharbóin atá sábháilte agus inbhuanaithe, lena n-áirítear le haghaidh táirgeadh hidrigine, eangacha cliste, stóráil fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh.
30. I réimse an oiriúnaithe don athrú aeráide, tá sé beartaithe ag an Aontas a chomhar le Maracó a neartú trí dhíriú ar bhainistiú comhtháite agus inbhuanaithe acmhainní uisce, ar thriomaigh a chomhrac agus ar fheabhas a chur ar fhaisnéis aeráide agus ar chórais luathrabhaidh, agus aird

chuí á tabhairt ar an tionchar atá ag an athrú aeráide ar shláinte an duine faoi láthair agus a bheidh aige amach anseo. Ina theannta sin, cuirfear chun cinn cleachtais inbhuanaithe talmhaíochta agus foraoiseachta, réitigh dhúlraibhuanaithe agus gníomhaíochtaí bithéagsúlachta chun cabhrú leis na rioscaí sláinte a bhaineann leis an athrú aeráide a chosc, a laghdú agus a rialú. Thairis sin, is mian leis an Aontas an comhar maidir leis an ngeilleagar glas agus gorm a dhoimhniú, lena n-áirítear trí thacú le forbairt an gheilleagair chiorclaigh feadh slabhraí luacha. Is díol sásaimh don Aontas freisin na hiarrachtaí atá déanta ag Maracó a chuid tionscal a dhícharbónú. Beidh sé d'aidhm ag an Aontas an t-idirphlé le Maracó a dhoimhniú maidir le sásraí praghsála carbóin, lena n-áirítear maidir le hiompar idirnáisiúnta. Tá an tAontas faoi réir freisin tacú le Maracó bearta a fhorbairt a bhaineann lena rannpháirtíocht i margáí carbóin, *inter alia* trí chóras faireacháin, fógartha agus fíoraíthe a ghlacadh agus trí straitéisí a fhorbairt a bhaineann le conairí laghdaithe gás ceaptha teasa.

31. Tríd an gcomhar déthaobhach sin, gníomhóidh an tAontas i gcomhréir le próisis idirnáisiúnta agus i gcomhlántacht iomlán leis an bpróiseas sin agus neartóidh sé a bheartais agus a straitéisí, go háirithe an Comhaontú Glas don Eoraip, an Compás Iomaíochais agus an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, a bhfuil a mhéid a n-éireoidh leo ag brath freisin ar dhlúthchomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis an Aontas, cuir i gcás Maracó.
32. Deich mbliana tar éis Comhaontú Pháras a bheith glactha, is díol sásaimh don Aontas gur chuidigh an creat iltaobhach sin leis an ngeilleagar domhanda a stiúradh i dtreo aistriú inbhuanaithe athléimneach. Mar sin féin, ní mór dlús a chur leis an ngníomhú domhanda ar son na haeráide. Tá sé ríthábhachtach an uailmhian a mhéadú, go háirithe i gcás na dtíortha sin a bhfuil an méid is mó astaíochtaí acu. Is díol sásaimh don Aontas an rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta (RCN) 3.0 nua agus go bhfuil sé níos uailmhianaí le hais an RCN a bhí ann roimhe seo. Tá an tAontas faoi réir tacú le Maracó a RCN 3.0 a chur chun feidhme. Cuideoidh an comhar sin freisin le deiseanna eacnamaíochta nua agus poist ardcháilíochta a chruthú ar dhá thaobh na Meánmhara.
33. Tá an tAontas lántiomanta i gcónaí an Creat Glan-nialasachta uailmhianach de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (EMI), creat atá bunaithe ar fhianaise eolaíoch, a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Tá an tAontas ar tinneall dul i dteagmháil ar bhealach cuiditheach le Maracó chun an dul chun cinn atá déanta go dtí seo sa chomhthéacs sin a dhaingniú agus chun tús a chur an athuair leis an bplé ar an gComhaontú faoi choimirce EMI in am trátha.
34. Tá bainistiú fóna acmhainní nádúrtha muirí fós mar thosaíocht ag an Aontas, lena n-áirítear ó thaobh bainistiú inbhuanaithe, trédhearcach atá bunaithe ar an eolaíocht. Is díol sásaimh don Aontas cáilíocht an chomhair iascaigh le Maracó agus is díol sásaimh dó na hullmhúcháin atá ar bun chun dul i mbun caibidlíochta i ndáil le comhaontú comhpháirtíochta nua maidir le hiascach inbhuanaithe.

*Pobail, an óige, taighde, nuálaíocht, oideachas agus cultúr a thabhairt níos gaire dá chéile*

35. Cuireann an tAontas in iúl go bhfuil sé ar intinn aige na naisc láidre stairiúla idir an tAontas agus Maracó a dhoimhniú a thuilleadh, go háirithe in earnálacha an chultúir, i réimsí na hóige, an oideachais, an taighde agus na nuálaíochta, agus i ndáil leis an gComhshocrú Nua don Mheánmhuir freisin.
36. Leanfaidh an tAontas dá iarrachtaí Maracó a chomhlachú le cláir agus le tionscnaimh an Chomhphobail. Is díol sásaimh don Aontas rannpháirtíocht ghníomhach Mharacó sa ghné idirnáisiúnta den chlár Erasmus+ a thacaíonn leis an gcomhar idir ollscoileanna, ionaid ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, agus eagraíochtaí don óige, chomh maith le soghluaisteacht mac léinn, múinteoirí agus daoine óga i Maracó agus san Eoraip. Molann an tAontas go neartófaí rannpháirtíocht institiúidí Mharacó i gceapadh na dtionscadal, i gcomhréir lena chuspóirí náisiúnta.
37. Is díol sásaimh don Aontas gur tugadh chun críche an 8 Meán Fómhair 2025 an chaibidlíocht maidir le rannpháirtíocht mhéadaithe Mharacó sa chlár Comhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) 2025-2027. Measann an tAontas gur cloch mhíle thábhachtach í an chéim sin chun an comhoibriú eolaíoch idir Maracó agus an tAontas a neartú, agus chun an fhorbairt inbhuanaithe, an nuálaíocht agus an chobhsaíocht réigiúnach a chur chun cinn tríd an taidhleoireacht eolaíochta, an taighde comhpháirteach agus trí bhainistiú comhtháite acmhainní.
38. Is díol sásaimh don Aontas rannpháirtíocht an-tábhachtach Mharacó sa chlár Fís Eorpach, agus molann sé go neartófaí an rannpháirtíocht sin ag eintitis taighde, ollscoileanna agus gnólachtaí do na chéad chlár oibre eile 2026-2027. Tá an tAontas Eorpach faoi réir i gcónaí don fhéidearthacht tús a chur an athuair leis an gcaibidlíocht maidir le comhlachas Mharacó leis an gClár Fís Eorpach agus í a thabhairt chun críche ach na dálaí a bheith oiriúnach.
39. Is leas poiblí bunriachtanach domhanda den chomhpháirtíocht idir an tAontas agus Maracó an cultúr agus atá i gcomhréir go hiomlán le huaimhian an Chomhshocráithe don Mheánmhuir. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do luachanna comhroinnte a chur chun cinn, bunaithe ar urraim don éagsúlacht, don tsaoirse chultúir, don idirphlé agus don mhalartú, d'fhonn an chomhthuiscint a neartú agus i gcomhar le Maracó, spás cultúir, dinimiciúil, oscailte agus nuálach a fhorbairt i gceantar na Meánmhara. De mheon an chomhair, lena n-áirítear cosaint agus forbairt na hoidhreachta cultúrtha, tá sé beartaithe ag an Aontas an comhtháthú sóisialta a chur chun cinn, an t-aos óg agus an tsochaí shibhialta a spreagadh, agus naisc inbhuanaithe a thógáil.

## *An tsoghluaisteacht agus an imirce*

40. Meabhraítear don Aontas a thábhachtaí atá an comhar le Maracó maidir le bainistiú agus rialachas imirce, mar chuid de chur chuige cuimsitheach cothrom comhthairbheach, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, le cearta an duine, le prionsabail chomhroinnte agus le *acquis* na comhpháirtíochta agus le hinniúlachtaí an Aontais agus na Ballstát faoi seach. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá tiomantas Mharacó i réimse an bhainistithe agus an rialachais imirce, agus athdhearbhaíonn sé go bhfuil rún daingean aige a chomhar leis an Ríocht Aontaithe a neartú mar chuid de chur chuige cuimsitheach i leith na himirce agus na soghluaisteachta. Molann an tAontas go gcuirfí tús an athuir le hidirphlé ardleibhéil a bheadh macánta oscailte agus rialta ar mhaithe le haghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar shaincheisteanna casta.
41. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur creat daingean é an comhar imirce le Maracó agus molann sé do Mharacó an comhar sin a mhéadú ar bhonn na taithí dearfaí agus comhthairbheacha a fuarthas cheana féin. Dá bhrí sin, leagann an tAontas béim ar an dul chun cinn a rinneadh trí iarrachtaí a neartú go comhpháirteach chun inimirce neamhrialta a chosc, go háirithe trí smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, trí líonraí a dhíchóimeáil agus trí bhealaí imirce dlíthiúla agus soghluaisteacht chiorclach a struchtúrú i gcomhréir le hinniúlachtaí náisiúnta.
42. Áitíonn an tAontas gur príomhthosaíochtaí agus príomhfhreagrachtaí go fóill cosc agus comhrac na himirce neamhrialta, slándáil agus bainistiú teorainneacha, comhar maidir le filleadh agus athliger isteach, gáinneáil aindleathach ar dhaoine agus smuigleáil imirceach, chomh maith le cosaint na ndaoine lena mbaineann, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí cumarsáide agus feasacht ar rioscaí. Ina theannta sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme Straitéis Náisiúnta Inimirce agus Tearmainn Mharacó agus gur díol spéise dó na forbairtí maidir le glacadh na ndlíthe imirce agus tearmainn dá bhforáiltear sa chreat seo.
43. Leagann an tAontas béim ar an tsoghluaisteacht dhleathach, faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Tallainne, go háirithe do ghairmithe atá ag obair in earnálacha atá faoi bhrú, agus ar chonairí imirce rialta a réiteach, i gcomhréir le hinniúlachtaí náisiúnta. Aithníonn an tAontas an tábhacht a bhaineann leis na cláir um imirce chiorclach, go háirithe do mhic léinn, do ghairmithe óga agus do lucht na hoibre deonaí, agus aird ar leith á tabhairt ar phróifílí speisialaithe sna hearnálacha digiteacha agus teicneolaíochta, lena n-áirítear trí scéim malartaithe idir ollscoileanna, ionaid taighde agus cuideachtaí teicneolaíochta. Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé cleachtais chothroma earcaíochta a chur chun cinn agus sásraí réamhimeachta faisnéise agus tarchuir a neartú d'oibrithe imirceacha, chun soghluaisteacht shábháilte rathúil a áirithiú, i gcomhréir le hinniúlachtaí náisiúnta.
44. Meabhraítear don Aontas an oibleagáid atá ar na Stáit fáilte a chur roimh a saoránaigh féin agus athdhearbhaíonn sé go bhfuil sé toilteanach an comhar a neartú agus a dhoimhniú ar gach leibhéal, lena n-áirítear maidir le sainaitheant, filleadh agus athliger isteach, rud a chomhlánaíonn an comhar déthaobhach idir Maracó agus Ballstáit an Aontais.
45. Leagann an tAontas béim freisin ar a thábhachtaí atá sé an comhar le gníomhaireachtaí an Aontais maidir le himirce agus tearmann a neartú.

*An tslándáil, an comhar i réimsí an cheartais, an t-antoisceachas foréigineach a chosc agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac*

46. Tá dúshláin choiteanna slándála le sárú ag an Aontas agus Maracó lena n-éilítear gealltanais comhpháirteach athnuaithe agus gníomhaíocht chomhbheartaithe agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail dhaonlathacha, do chearta an duine agus do bhunphrionsabail, atá fréamhaithe sa dlí daonnúil idirnáisiúnta.
47. Is díol sásaimh don Aontas gur réachtáladh an chéad idirphlé ardleibhéil faoin tslándáil idir an tAontas agus an Maracó in Rabat an 8 Bealtaine 2024. Is céim thábhachtach é chun an comhar idir an tAontas agus Maracó a neartú chun saincheistanna slándála comhleasa a mhalartú agus leagann sé béim ar a luachmhaire atá sé é seo a réachtáil ar bhonn rialta.
48. Cuireann an tAontas in iúl freisin gur spéis leis an comhar idir é féin agus Maracó a neartú maidir le rialuithe arm, neamhleathadh agus dí-armáil a chur chun cinn, agus malartuithe idir-réigiúnacha a éascú idir an tAontas, réigiún na Meánmhara Theas agus mór-roinn na hAfraice maidir le neamhleathadh arm ollscriosta agus rialuithe onnmhairiúcháin.
49. Cuireann an tAontas cur chuige frithsceimhlitheoireachta chun cinn – cur chuige atá bunaithe ar an gceartas coiriúil, lena n-urramaítear cearta an duine agus an smacht reachta. Is díol sásaimh don Aontas tiomantas Mharacó do chomhrac na sceimhlitheoireachta mar aon le rannpháirtíocht agus comhar shaineolaithe Mharacó i gcláir an Aontais, lena neartaítear na malartuithe idir an tAontas agus na comhpháirtithe sna hábhair sin. Tá súil ag an Aontas go leanfar den chomhar sin agus go neartófar é amach anseo. Is díol sásaimh don Aontas freisin rannchuidiú ríthábhachtach Mharacó le hiarrachtaí idirnáisiúnta frithsceimhlitheoireachta, go háirithe faoi chuimsiú an Fhóraithe Frithsceimhlitheoireachta Dhomhanda agus institiúidí cleamhnaithe Mharacó, lena n-áirítear tacaíocht agus rannpháirtíocht ghníomhach Mharacó leis an Institiúid Idirnáisiúnta don Cheartas agus don Smacht Reachta. Is mian leis an Aontas go mbeadh Maracó in ann tacú leis an obair seo, ní hamháin ina cáil mar rannpháirtí, ach ina cáil mar oiliúnóir freisin, chun taithí agus saineolas Mharacó a chomhroinnt i gcomhar Theas-Theas.
50. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá saincheist an radacaithe, an antoisceachais fhoréignigh, an díradacaithe, an athshlánaithe agus an athimeascadh sa tsochaí. Is díol sásaimh don Aontas mar sin iarrachtaí sainghníomhaireachtaí Mharacó an radacú agus an t-antoisceachas foréigineach a chosc, chomh maith leis an gcomhar le Mol Eolais an Aontais Eorpaigh maidir le radacú a chosc. Tá súil ag an Aontas an comhar sin le roinnt institiúidí de chuid Mharacó a dhoimhniú agus a leathnú a thuilleadh i bpainéil théamacha éagsúla an Mhoil Eolais.
51. Is díol sásaimh don Aontas na conclúidí ó thionscnamh Edu4PCVE, a rinneadh i gcomhar le Maracó faoi chuimsiú an Fhóraithe Frithsceimhlitheoireachta Dhomhanda. Is ionstraim bhunúsach é an t-oidreachas chun an t-antoisceachas foréigineach as a n-eascaíonn an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac. Is díol sásaimh don Aontas an chéad chéim eile den chur chun feidhme agus iarrann sé ar Mharacó leanúint de bheith ag obair leis an Aontas i ndáil leis an méid sin.

52. Meabhraítear don Aontas go bhfuil ardleibhéal deimhneachta dlíthiúla ag teastáil le haghaidh comhar dlíthiúil in ábhair choiriúla. Molann an tAontas do Mharacó páirt a ghlacadh sna creataí idirnáisiúnta iltaobhacha a bunaíodh i réimse an chúnamh dhlíthiúil fhrithpháirtigh, go háirithe sna creataí sin a d'fhorbair Comhairle na hEorpa.
53. Chun freagairt go héifeachtach do dhúshláin choiteanna, agus mar chuid d'fhorbairt na comhpháirtíochta straitéisí le Maracó, tacaíonn an tAontas leis an gcomhar breithiúnach ar an leibhéal oibríochtúil a neartú i gcomhar le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais. Ina fhianaise sin, measann an tAontas nach mór an comhar breithiúnach le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais ar an leibhéal oibríochtúil a neartú, go háirithe trí chomhaontú idirnáisiúnta maidir le comhar breithiúnach le Eurojust agus trí shocrú oibre le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, chomh maith le comhar maidir le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach agus maidir le haisghabháil sócmhainní coiriúla, lena n-áirítear fáltais agus ionstraimíocht na coireachta a reo agus a choigistiú. Dearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé réidh chun taithí agus comhroinnt eolais an Aontais maidir leis an gcreat reachtach a dhoimhniú le Maracó i réimsí an chomhair bhreithiúnaigh, an cheartais agus na cosanta i dtaca le sonraí pearsanta. Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an Aontas ar fhorbairtí agus ar athchóirithe chreat reachtach Mharacó, lenar cheart feabhas a chur ar éifeachtacht oibríochtúil maidir le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach agus comhar breithiúnach, go háirithe maidir le haisghabháil sócmhainní coiriúla, lena n-áirítear fáltais agus ionstraimíocht na coireachta a reo agus a choigistiú, chomh maith le comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha a chur chun feidhme.
54. Leagann an tAontas béim freisin ar a thábhachtaí atá sé gabháil d'idirphlé feabhsaithe maidir le comhar póilíneachta, go háirithe i gcomhthéacs chomhrac méadaithe na coireachta eagraithe trasnáisiúnta, agus creataí dlíthiúla agus institiúideacha gach Páirtí á n-urramú ag an am céanna. Ina fhianaise sin, molann an tAontas do na húdaráis chúil dul i mbun idirphlé le Europol, agus é mar aidhm aige féachaint ar chineálacha comhair a d'fhéadfadh a bheith ann agus, molann sé freisin dlús a chur leis an gcomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) agus le Gníomhaireacht Drugaí an Aontais faoi chuimsiú thionscadal EU4Monitoring Drugs.

### ***Conclúid***

55. Athdhearbhaíonn an tAontas gur mian leis comhpháirtíocht chuimsitheach, phribhléideach, uaillmhianach, inbhuanaithe, chomh- thairbheach le Maracó a chur chun cinn, chomh maith lena thiomantas dul i dteagmháil go rialta le húdaráis Mharacó chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna straitéiseacha a bhaineann leis an dá thaobh.
56. Is deis atá sa Chomhairle Comhlachais díriú ar a bhfuil i ndán don chomhpháirtíocht idir an tAontas agus Maracó mar aon le díriú ar na príomhréimsí leasa fhrithpháirtigh sna blianta amach romhainn. Ar an leibhéal déthaobhach, tá sé beartaithe ag an Aontas aird a tharraingt ar na saincheisteanna móra a bhaineann leis an imirce, filleadh, comhar póilíneachta agus breithiúnach, an smacht reachta agus cearta an duine, oideachas agus taighde, oiliúint, fostaíocht - go háirithe daoine óga - agus iomaíochas gnólachtaí. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar chur chun cinn na

hinfheistíochta, ar dhúshláin agus ar idirnaise fuinnimh, ar chúinsí gnó, ar thacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí Eorpacha agus do FBManna, agus ar bhonneagar digiteach slán iontaofa a chur chun cinn. Ar an iomlán, is mian leis an Aontas go háirithe an comhar maidir leis an aistriú fuinnimh agus maidir le comhrac an athraithe aeráide a neartú.

57. Ní mór don chomhpháirtíocht sin rannchuidiú freisin le hord idirnáisiúnta a chur chun cinn lena n-urramaítear an smacht reachta agus cearta an duine. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an tAontas de bheith tiomanta taobh leis an Maracó chun an leas is fearr is féidir a bhaint as a gaireacht gheografach agus dhaonna.